*Rang 5 / Bliain 7 (P7)*

**An Canaerí** **(**le Seán Mac Fheorais)

Bhí éanadán ag Seán Ó Riain,
Is cheannaigh sé canaerí
Ó ghasúr deas a bhí 'na rang,
Darbh ainm Tadhg Ó Laoghaire.

Bhí áthas mór ar Sheán Ó Riain
Nuair a thug sé an t-éan abhaile,
Chuir sé san éanadán
Is chroch é ar an bhalla.

B'ionadh leis nár chan an t-éan
Mar a chanann gach canaerí;
Níor tháinig uaidh ach"sea, sea, sea"
Is d'ith sé síol go craosach.

Nigh an t-éan é féin ansin,
Is rith an dath go léir de;
Ní raibh san éan ach gealbhán donn -
Mí-ádh ar Thadhg Ó Laoghaire!